

AN CHAILLEACH

Slat ar an mbuntsop le na choinneál. Is minic a chuirtear téad air in áit slaite agus bíonn clocha ceangailte den téad seo agus iad anuas thar an mbuntsop féin. Clocha caillighe a tugtar ar na clocha seo.

Iarthan	Féar fada glúinéach nach bhfuil sturúil
Láib	Go maith le haghaidh ancaire, níos fearr ná an glan.
Stupóg	Tón chlochach go maith le haghaidh iasgaigh
Cloch mhuireáiteach	An t-ancaire le haghaidh stupóige. Rópa thart ar a lár.
Straimpín	Rópa ar bheann den ancaire lena tharraingt as greim
Stupóg	Bréam agus ballach; stupóg ó mhíle agus tuilleadh ón talamh. Stupóga maithe ag sgeirde
Leathrach	Leacracha móra faoin bhfairrge. B'fhéidir go dtriomuígheann cuid aca le tráigh mhór mhillteach. Ar an leathrach – ballach agus mangach
Maoim	Is iongantach an áit maoim le bheith ag iasgach nuair a bhíonn an fhairrge ciúin
Cuisle	Leathóga sa gcuisle glan agus mangach. Cuisle an áit is domhne sa gcuan.
Crompán	Cuainín beag.
Crompán Charna	An áit a bhfuil an chéibh
Sruth	An áit a bhfuil an taoille a' rith go tréan.
Cúltruth	Go minic leis an talamh.
Sruth na Stiúrach	Bhí mé suas le sruth na stiúrach aige.
Cáthadh	Bhí an bád ag déanamh an-chátha.
Súigteáin	Bíonn súigteáin faoin aill go do shugha isteach agus amach
Tanaidhe agus an t-oidhre	Nuair a bhíonn tú idir an tanaidhe agus an t-oidhre caithfidh tú dul díreach nó tá tú réidh. Bheidhfeá a' ritheacht le cóir. Má theigheann tú níos fuide ar an tanaidhe buailfidh tú an talamh.

	Mura gcoinnigheann tú díreach jibeáilfidh tú agus báithfidh tú an bád.
Siubhal agus ardú le cóir gaoithe	Tá an bád a' déanamh an-tsiubhal agus ardú le cois gaoithe.
Ardú	Druidim leis an ngaoith
A' tornáil	Tá an bád a' leagan go mór ón ngaoith Rachaidh an bád go maith le cóir gaoithe.
Cóir gaoithe	Sí an bád maith atá indon imtheacht cois gaoithe
Cóir	Fair wind
Lán sgóid	A'seol go sgríúta
Leath sgód	Níl lán cóir agat
Preab sgóid	Beagán seoil "tabhair preab sgóid di"
fáisgthe le cois gaoithe	
Faoi agus os a cionn	Chuir sí fúithe an bád eile Chuaidh sí amach os a cionn níor fhága sí puth gaoithe ina seol Is maith an rud tús leagan A bheith chun tosuigh ag an marc agus a filleadh le cóir Seol beag a ghníos ceann liath Is fearr a bheith dhá dhíol ná dhá cheannacht. Is fearr a bheith cinnte go gcuirfidh tú fút do mharc ná iallach a bheith ort teach timpeall arís ar bord eile.
Idir dhá ghaoth	Lig suas idir dhá ghaoith í
Lán amach	Coinnigh lán amach í Coinnigh an oiread gaoithe ionnta is fhéadfas tú.
Fan leis	Coinnigh níos goire don ghaoith í ar fhaithchíos bualadh.
Fan anuas	Imthigh ón ngaoith – teacht faoin marc nó carraig
Cuir romhat do mhaide	
Cuir fút do mhaide	
Cuir fút do láimh	An halmadóir a bhrugha uait
Coinnigh siubhlach í	An halmadóir a tharraingt chugat
Ag gabhail an bháid	

Lán droma	Suidhe faoin halmadóir lena coinneál siubhlach, le seolta a choinneál lán. Lán droma a thabhairt di.
Lá tomhais Bhaile Uí Bhíocháin	Lá dona le haghaidh seoltóireachta
Jibeáil ó sgríúta go sgríúta	Gan an seol a tharraingt isteach ach an ghaoth a leigint as agus é a iontú thart ar fad
Lán trí seolta	Lá cóiriúil le bríoca deas
Cion cúrsa bhig	Lá le bríoca go réasúnta cruaidh
Cion dhá chúrsa agus barróg ar a jib	Lá gaothmhar go maith
Cion trí chúrsa	Lá an-ghaothmhar
Cúrsa sa seol tosaigh agus barróg ar a' jib	
Cion ceithre cúrsa gan seol tosaigh agus barróg dhomhain ar a jib	Lá nach ngabhfadh duine ar bith amach mura mbéarfaidhe amuich air, bheadh an lá chomh dona sin
Chaith muid rith roimhe ina gcrann	Ní bheadhfá indon seol ar bith a chur suas ach imtheacht le cóir i do chrann
Crapach	Is olc í an fhairrge chrapach. Is measa go mór í ná an fhairrge righin.
Righin	Tonnta móra malla Connigh glan agus domhain i gcomhnaidhe.
Oidhche Fóghmhar	Thug an ceannaidhe fionn a mhallacht don té a thrust oidhche fhóghmhair

Bádóirí óga agus gealach tús oidhche is olc in éindigh iad – ní fhanann an ghealach aca.